RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/441 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus de chatagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tíortha nó de chríocha, nó ó dheighleoga de thríú tíortha nó de chríocha i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó criosanna nó deighleoga de thríú tíortha nó de chríocha, óna gceadaítear speicis agus catagóirí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.

(4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, de chríocha, nó criosanna de thríú tíortha nó de chríocha atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Redgrave, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana, agus deimhníodh í an 1 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Sa bhreis air sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann sa dara bunaíocht i gcontae Newcastle, contae atá buailte cheana féin, stát Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Queen Anne, stát Maryland, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Jasper, stát Missouri, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 8 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaobh coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus i dtaobh ghluaiseacht agus láimhseáil na gcoinsíneachtaí sin ar theacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha agus de chriosanna de thríú tíortha nó de chríocha óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(7) Sa bhreis air sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i gcontae Lawrence, stát Missouri, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus deimhníodh í an 9 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(8) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stáit Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig an gCoimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe.

(10) Ina theannta sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch in ndáil leis na ráigeanna de HPAI a dearbhaíodh i mbunaíochtaí éanlaithe clóis gar do Alcester, Bidford, Warwickshire, Sasana an 8 Samhain 2021 agus gar do North Fambridge, Maldon, Essex, Sasana an 21 Samhain 2021. Chuir an Ríocht Aontaithe isteach freisin na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Thar aon ní eile, tar éis na ráigeanna sin de HPAI, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

(11) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe isteach agus chinn sé go raibh na ráigeanna de HPAI sna bunaíochtaí éanlaithe clóis gar do Alcester, Bidford, Warwickshire, Sasana, agus gar do North Fambridge, Maldon, Essex, Sasana díothaithe agus nach bhfuil aon riosca ag baint a thuilleadh le teacht isteach san Aontas tráchtearraí éanlaithe clóis ó na criosanna sa Riocht Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas na dtráchtearraí éanlaithe clóis ar fionraí de dheasca na ráigeanna sin.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(13) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.19:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.19	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		8.11.2021	4.3.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.28:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.28	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		21.11.2021	8.3.2022

		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		21.11.2021	8.3.2022"

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.104 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.103:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.104	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		1.3.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		1.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		1.3.2022	
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		1.3.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		1.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		1.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		1.3.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		1.3.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		1.3.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		1.3.2022"	

(iv) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh criosanna US-2.17 go US-2.20 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.16:

"**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.17	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		8.3.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		8.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		8.3.2022	

		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		8.3.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		8.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		8.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		8.3.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		8.3.2022	
	US-2.18	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		8.3.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		8.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		8.3.2022	
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		8.3.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		8.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		8.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		8.3.2022"	
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		8.3.2022	
	US-2.19	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		8.3.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		8.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		8.3.2022	
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		8.3.2022	

		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		8.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		8.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		8.3.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		8.3.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		8.3.2022	
	US-2.20	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		9.3.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		9.3.2022	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		9.3.2022	
		Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		9.3.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		9.3.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		9.3.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		9.3.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		9.3.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		9.3.2022	
		Níos lú ná 20 ubh goir d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		9.3.2022	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar an gcrios GB-2.104 tar éis na tuairisce ar an gcrios GB-2.103:

“An Ríocht Aontaithe	GB-2.104	Gar do Redgrave, Suffolk Láir, Suffolk, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.37 agus E0.99”.

(ii) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar na criosanna US-2.17 go US-2.20 tar éis na tuairisce ar an gcrios US-2.16:

‘Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.17	Stát Delaware New Castle 02 Contae New Castle: Crios dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 75.7430486° W 39.5199819°N) agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1.1km siar ó thuaidh de chrosbhealach W Creek Ln agus Dickerson Ln. (b) Soir ó thuaidh: 0.3km soir ó thuaidh de chrosbhealach Cuter Way agus Nantucket Dr. (c) Soir: 0.23km soir ó thuaidh de chrosbhealach Denny Lynn Dr agus Kelsey Lynn Ct. (d) Soir ó dheas: 0.8km soir ó dheas de chrosbhealach Blackbird Station Rn agus Lloyd Guessford Rd. (e) Ó dheas: 2.2km soir ó dheas de chrosbhealach Massey Rd agus Bradford Johnson Rd. (f) Siar ó dheas: 1.9km siar siar ó dheas de chrosbhealach Megan Rd agus Scott Rd. (g) Siar: 2.7km siar ó thuaidh de chrosbhealach Bohemia Church Rd agus Augustine Herman Hwy. (h) Siar ó thuaidh: 0.7km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach Court House Point Rd agus Augustine Herman Hwy.
	US-2.18	Stát Maryland Contae Queen Anne: Crios dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 75.8786226°W 39.2489713°N) agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 0.6km ó thuaidh siar ó thuaidh de chrosbhealach Herbies Way agus Chester River Heights Rd. (b) Soir ó thuaidh: 0.8km siar ó thuaidh de chrosbhealach Stullltown Rd agus Peters Corner Rd. (c) Soir: 1.4km soir ó dheas de chrosbhealach Busic Church Rd agus Duhamel Corner Rd.

		(d) Soir ó dheas: 0.36km siar ó dheas de chrosbhealach Trunk Line Rd agus Bee Tree Rd. (e) Ó dheas: 0.63km soir ó dheas de chrosbhealach Murphy Rd agus Price Station Rd 405 (f) Siar ó dheas: 0.1km soir ó dheas de chrosbhealach Flat Iron Square Rd agus Lieby Rd. (g) Siar: 2.2km soir soir ó dheas de chrosbhealach Rolphs Wharf Rd agus Church Hill Rd. (h) Siar ó thuaidh: 0.5km siar ó thuaidh de chrosbhealach Deep Landing Rd agus Bright Meadow Ln.
	US-2.19	Stát Missouri Contae Jasper: Crios dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 94.5953717°W 37.4321134°N) agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 0.7km siar ó dheas de chrosbhealach SW 50th Rd agus SW 160th Ln. (b) Soir ó thuaidh: 0.7km siar de chrosbhealach W Highway 126 agus SW 115th Ln. (c) Soir: 0.5km soir ó dheas de chrosbhealach State Highway 43 agus Thistle Rd. (d) Soir ó dheas: 0.5km siar ó dheas de chrosbhealach Park Ln agus 25B. (f) Siar ó dheas: 0.3km ó dheas soir ó dheas de chrosbhealach NE Scammon Rd agus NE 85th St. (g) Siar: 0.6 km siar ó thuaidh de chrosbhealach E 400 Highway agus Highway 69. (h) Siar ó thuaidh: 0.7km siar ó dheas de chrosbhealach Highway 126 agus N Free King's Highway.
	US-2.20	Stát Missouri Contae Lawrence: Crios dar ga 10 km dar tús pointe Thuaidh (comhordanáidí GPS: 93.7354261°W 37.1689086°N) agus ag dul deiseal: (a) Ó thuaidh: 1.2km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach Farm Rd 2077 agus Farm Rd 1170. (b) Soir ó thuaidh: 1.1km siar de chrosbhealach County Road 2090 agus County Road 1230. (c) Soir: 1.0km siar ó dheas de chrosbhealach Farm Rd 2130 agus Farm Rd 1245. (d) Soir ó dheas: 0.4km soir ó thuaidh de chrosbhealach Farm Rd 1220 agus Farm Rd 2180. (f) Siar ó dheas: 0.5km soir soir ó thuaidh de chrosbhealach County Rd 1131 agus Farm Rd 2181. (g) Siar: 0.7 km ó dheas siar ó dheas de chrosbhealach I-44 agus Highway H. (h) Siar ó thuaidh: 1.5km ó thuaidh soir ó thuaidh de chrosbhealach Farm Rd 2100 agus Farm Rd 1132 LC."

(2) Leasaítear Iarscríbhinn XIV mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid 1 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.19:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.19	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		8.11.2021	4.3.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		8.11.2021	4.3.2022"

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.28:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.28	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		21.11.2021	8.3.2022
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		21.11.2021	8.3.2022"

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.104 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.103:

"**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.104	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		1.3.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		1.3.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		1.3.2022"	

(iv) san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh criosanna US-2.17 go US-2.20 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.16:

"**US** Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2.17	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		8.3.2022	
	US-2.18	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		8.3.2022	
	US-2.19	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		8.3.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		8.3.2022	

US-2.20	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		9.3.2022		
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		9.3.2022		
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		9.3.2022”;		

(b) I gCuid 2, san iontráil a bhaineann le Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh criosanna US-2 go US-2.16:

“Stáit Aontaithe Mheiriceá	US-2	Criosanna Stáit Aontaithe Mheiriceá Aontaithe a thuairiscítear faoi US-2 i gCuid 2 d’Iarscríbhinn V”